Gaelchultúr

Soláthraí Roghnaithe don Earnáil Phoiblí

*Preferred Provider to the Public Sector*

**Fómhar 2024**

*Autumn 2024*

# Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil

Leibhéil 2 – 6 NFQ

# Certificate in Professional Irish

Levels 2 – 6 NFQ



eolas@gaelchultur.com
www.gaelchultur.com
+353 (1) 484 5220

Foras na Gaeilge

QQI AWARD

# Eolas Ginearálta

## Cé dó an cúrsa seo?

Is clár páirtaimseartha é an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG) atá dírithe ar fhostaithe de chuid na hearnála poiblí a bhíonn ag plé leis an bpobal ar bhonn rialta agus ar gá dóibh a bheith in ann seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil uaireanta. Bíonn deis acusan a thugann faoin TGG sainteanga a fhoghlaim a bhaineann go dlúth lena gcuid oibre agus cáilíocht aitheanta a bhaint amach ag an am céanna.

## Aidhm an chúrsa

Tá sé d'aidhm ag an TGG an mhuinín agus na scileanna teanga a thabhairt do na rannpháirtithe a chuirfidh ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge leis an bpobal i gcomhthéacs na hoibre agus an teanga a úsáid go sóisialta chomh maith.

Cabhraíonn an cúrsa leis na rannpháirtithe seirbhís níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí trí Ghaeilge, rud a chuidíonn leis na comhlachtaí ina bhfuil siad ag obair a gcuid dualgas maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh.

## Leibhéil

Tá an TGG ar fáil ag cúig leibhéal éagsúla de chuid an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí, is é sin Leibhéal 2, Leibhéal 3, Leibhéal 4, Leibhéal 5 agus Leibhéal 6. Tá sainmhíniú ar na leibhéil éagsúla sin le fáil ar leathanaigh 6 agus 7 den bhróisiúr seo.

## Struchtúr an chúrsa

Freastalaíonn mic léinn an chúrsa ar sheisiúin sa seomra ranga nó beo ar líne, uair sa tseachtain de ghnáth. Lena chois sin, cruthaítear cuntas dóibh ar shuíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com, agus bíonn deis acu ceachtanna idirghníomhacha a dhéanamh ar an suíomh sin agus aiseolas a fháil láithreach. Bíonn siad in ann úsáid a bhaint as an áis seo agus iad ag dul siar ar ábhar na ranganna atá déanta acu agus ag ullmhú do na cinn atá fós le teacht.

## Ábhar

Bíonn meascán den teanga ghinearálta agus den tsainteanga i gceist sa chúrsa. Foghlaimíonn na rannpháirtithe téarmaíocht a bhaineann leis an ionad oibre agus cuirtear ar a gcumas freisin déileáil le custaiméirí trí Ghaeilge ar an nguthán agus aghaidh ar aghaidh.

## Cur chuige múinteoireachta

Baineann múinteoirí an TGG úsáid as cur chuige múinteoireachta nua-aimseartha, foghlaimeoirlárnach sa seomra ranga. Bíonn obair bheirte agus obair ghrúpa, gníomhaíochtaí rólghlactha agus cluichí teanga i gceist go leanúnach, rud a thugann deis do na mic léinn cleachtadh a dhéanamh ar an méid atá díreach múinte dóibh.

Múintear méid áirithe gramadaí le linn an chúrsa, ach déantar é seo ar bhealach an-idirghníomhach, agus tugtar tús áite do chleachtaí múscailte comhfheasa. Ní mhúintear ach an ghramadach a chuireann ar chumas na bhfoghlaimeoirí cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh agus seachnaítear téarmaíocht chasta.

## Measúnú

Déanann na rannpháirtithe measúnú leanúnach i rith an chúrsa agus is fiú 55% de mharcanna an chláir an obair leanúnach seo. Bíonn béaltriail acu ag deireadh an chúrsa freisin agus is fiú 45% de na marcanna an scrúdú áirithe sin.

# General Information

## Who is this course for?

The Certificate in Professional Irish is a part-time programme aimed at public sector employees who deal with the public on a regular basis and are required on occasion to provide a service through Irish. Those who undertake the course have an opportunity to learn specialised language relating to their work and to gain a recognised qualification at the same time.

## The aim of the course

The Certificate in Professional Irish seeks to provide participants with the confidence and language skills necessary to communicate through Irish with the public in the context of their work, and to also use the language in social situations.

The course helps participants provide a higher standard of customer service through Irish, and this in turn helps the bodies in which they work to fulfil their obligations under the Official Languages Act 2003.

## Levels

The Certificate in Professional Irish is available at Levels 2, 3, 4, 5 and 6 on the National Framework of Qualifications. The level of competency in Irish required to undertake those various levels is explained on pages 8 and 9 of this brochure.

## Course structure

Students attend a classroom-based session or live online class, usually once a week. In addition to this, an account is created for them on ranganna.com, Gaelchultúr's e-learning website, and they have the opportunity to do interactive exercises on that site and receive instant feedback. They can also use this resource to revise what they have covered in class and to prepare for upcoming classes.

## Material

Both general everyday language and work-related language are taught in the course. Participants learn phrases and terminology relating to the workplace and they are also taught how to deal with customers through Irish on the phone and face to face.

## Teaching approach

The Certificate in Professional Irish teachers use a modern learner-centred approach in the classroom. Pair work and group work, role play activities and language games feature prominently, giving students an opportunity to practise what they've been taught.

While some grammar is taught during the course, it is made accessible and precedence is given to interactive, consciousness-raising exercises. Only grammar that helps students communicate more effectively is taught and complicated terminology is avoided.

## Assessment

The participants undertake continuous assessment tasks throughout the course and this is worth 55% of the overall marks. Students also undertake an oral exam at the end of the programme and this accounts for the remaining 45%.

# Soláthar an Chúrsa / Sceideal

## Cúrsa ar líne

Beidh an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil á reáchtáil go hiomlán ar líne do sheimeastar an fhómhair, 2024.

**Cur síos ar an gcúrsa:** Rang beo ar líne lá sa tseachtain agus staidéar ar líne idir na ranganna.
**Fad an ranga:** 3 uair an chloig (sos 15 nóiméad)
**Fad an chúrsa:** 10 seachtaine
**Am/Lá:** Beidh na ranganna ar siúl idir 09.30am agus 12.45pm, Dé Máirt-Déardaoin.

Féach sonraí na leibhéal sa tábla thíos.

| Am | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin |
|---|---|---|---|
| 09.30am-12.45pm | Leibhéal 2 | Leibhéal 4 | Leibhéal 6 |
| | Leibhéal 3 | Leibhéal 5 | |

## Táille

€745** (táillí scrúdaithe, ríomhfhoghlaim agus ábhair san áireamh)

***Is féidir lascaine a chur ar fáil má dhéanann níos mó ná duine amháin ón eagras céanna cúrsa*

## Cáilíocht

Teastas Comhpháirteach sa Ghaeilge – Leibhéal 2, Leibhéal 3, Leibhéal 4, Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ)

## Sceideal an chúrsa

| Lá | Fómhar 2024 | Briseadh lár téarma |
|---|---|---|
| Dé Máirt | 10 Meán Fómhair - 19 Samhain 2024 | 15 Deireadh Fómhair 2024 |
| Dé Céadaoin | 11 Meán Fómhair - 20 Samhain 2024 | 16 Deireadh Fómhair 2024 |
| Déardaoin | 12 Meán Fómhair - 21 Samhain 2024 | 17 Deireadh Fómhair 2024 |

**Ionad:** Ar líne
**Am:** 9.30am-12.45pm

# Course Delivery / Schedule

## Online Course

The Certificate in Professional Irish will be run entirely online for the autumn 2024 semester.

**Course description:** A live online class one day per week and online study between the classes.

**Class length:** Three hours (15 minute break)

**Course length:** 10 weeks

**Time/Day:** Classes will take place between 9.30am and 12.45pm, Tuesday-Thursday.

See the table below for level details.

| Time | Tuesday | Wednesday | Thursday |
|---|---|---|---|
| 09.30am-12.45pm | Level 2 | Level 4 | Level 6 |
| | Level 3 | Level 5 | |

## Fee

€745** (exam fees, e-learning and materials included)

***Discount can be arranged if more than one person from the same organisation attends a course*

## Qualification

Component Certificate in Irish – Level 2, 3, Level 4, Level 5 or Level 6 on the National Framework of Qualifications (NFQ)

## Course Schedule

| Day | Autumn 2024 | Midterm Break |
|---|---|---|
| Tuesday | 10 September - 19 November 2024 | 15 October 2024 |
| Wednesday | 11 September - 20 November 2024 | 16 October 2024 |
| Thursday | 12 September - 21 November 2024 | 17 October 2024 |

**Venue:** Online

**Time:** 9.30am-12.45pm

# Na Leibhéil Éagsúla

### **Leibhéal 2** *(A1)*

Tá Leibhéal 2 oiriúnach dóibh siúd nach bhfuil aon eolas acu nó nach bhfuil mórán eolais acu ar an nGaeilge (e.g. daoine nach raibh deis acu Gaeilge a fhoghlaim ar scoil nó a d'fhág an scoil go luath), ach a mbeadh suim acu buneolas a bheith acu ar an teanga.

Tá an bhéim sa chúrsa ar labhairt na teanga agus ar scileanna éisteachta a fhorbairt, ach bíonn roinnt deiseanna ag na mic léinn an teanga a léamh agus a scríobh freisin.

Tá sé mar aidhm aige na bunscileanna teanga a thabhairt do na rannpháirtithe a chuirfidh ar a gcumas cumarsáid an-bhunúsach a dhéanamh trí Ghaeilge leis an bpobal i gcomhthéacs na hoibre agus teanga shimplí laethúil a úsáid go sóisialta chomh maith.

### **Leibhéal 3** *(A2)*

Tá Leibhéal 3 an TGG oiriúnach do dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge cheana féin agus atá ábalta cumarsáid an-bhunúsach a dhéanamh sa teanga (labhairt faoina gcúlra agus faoina n-áit chónaithe, mar shampla).

Tá an bhéim sa chúrsa ar labhairt na teanga agus ar scileanna éisteachta a fhorbairt, ach bíonn roinnt deiseanna ag na mic léinn an teanga a léamh agus a scríobh freisin.

### **Leibhéal 4** *(B1)*

Tá Leibhéal 4 an TGG dírithe ar dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil, b'fhéidir roinnt mhaith blianta ó shin, a thuigeann go leor den teanga ach nach raibh mórán deiseanna acu í a úsáid le blianta beaga anuas. Múintear nithe bunúsacha ag tús an chúrsa ach ina



dhiaidh sin bíonn nithe níos deacra i gceist ná mar a bhíonn sna ranganna ag Leibhéal 3.

Tá an bhéim sa chúrsa ar labhairt na teanga agus ar scileanna éisteachta a fhorbairt, ach bíonn roinnt deiseanna ag na mic léinn an teanga a léamh agus a scríobh freisin. Tá níos mó béime ar léamh agus ar scríobh na teanga ná mar atá ag Leibhéal 3.

## Leibhéal 5 *(B2)*

Tá Leibhéal 5 an TGG feiliúnach do dhaoine atá breá ábalta comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge agus a úsáideann í ó am go chéile – go sóisialta nó san obair, mar shampla. Déantar plé ar thopaicí níos dúshlánaí ná na cinn a bhíonn i gceist ag Leibhéal 4 agus déantar cíoradh níos doimhne orthu ná mar a dhéantar sna ranganna ag an leibhéal níos ísle sin.

Tá idir labhairt, éisteacht, scríobh agus léamh i gceist sa chúrsa, agus tá níos mó béime ar an dá scil dheireanacha sin ná mar atá ag na leibhéil níos ísle.

## Leibhéal 6 *(C1)*

Tá Leibhéal 6 an TGG oiriúnach dóibhsean a bhfuil Gaeilge líofa acu ar mian leo an deis a fháil díriú ar thopaicí dúshlánacha. Bíonn seans ag na rannpháirtithe cur lena saibhreas teanga agus tuiscint níos fearr a fháil ar ghramadach na Gaeilge. Lena chois sin, foghlaimíonn siad stór focal úsáideach a bhaineann leis an obair agus leis an saol comhaimseartha.

Tá idir labhairt, éisteacht, scríobh agus léamh i gceist sa chúrsa, agus tá níos mó béime ar an dá scil dheireanacha sin ná mar atá ag aon leibhéal eile de chuid an TGG.

### Measúnú saor in aisce roimh an gcúrsa

Tá suirbhé gearr measúnaithe le líonadh amach mar chuid den chóras clárúcháin ar líne don Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil. Nuair a bheidh anailís déanta ar an suirbhé measúnaithe, beidh ball d'fhoireann Ghaelchultúir i dteagmháil leat más gá. Dóibh siúd nach bhfuil cinnte cén leibhéal is oiriúnaí dá gcumas teanga féin, molaimid tabhairt faoin triail Ghaeilge ar líne.

Anseo thíos, tugtar treoir maidir leis an leibhéal atá oiriúnach i gcás gach scóir ó 0 go 100.

| Scór | An leibhéal is oiriúnaí |
|---|---|
| 0 - 29: | Leibhéal 2 |
| 30 - 44: | Leibhéal 3 |
| 45 - 59: | Leibhéal 4 |
| 60 - 74: | Leibhéal 5 |
| 75 – 100: | Leibhéal 6 |

**Tábhachtach:** Má tá an cúrsa á mhaoiniú ag d'áit oibre, is gá cead a fháil (ó do bhainisteoir nó d'aonad traenála) le tabhairt faoin gcúrsa sula gcuirfidh tú in áirithe é.

# The Various Levels

## Level 2 *(A1)*

Level 2 is suitable for those who have little or no knowledge of the Irish language (e.g. people who did not learn Irish in school or who left school early) but who would be interested in learning the basics of language.

The emphasis on the course is on the spoken language and on developing listening skills, but students also have some opportunities to read and to write the language.

The course aims to provide participants with the fundamental skills that will enable them to communicate at a basic level in the context of work and to use simple everyday language in social situations.

## Level 3 *(A2)*

Level 3 of the Certificate in Professional Irish is suitable for those who have previously studied the language and are able to communicate at a very basic level in Irish (they can talk about their background and where they live, for example).

The emphasis in the course is on the spoken language and on developing listening skills, but students also have some opportunities to read and to write the language.

## Level 4 *(B1)*

Level 4 of the Certificate in Professional Irish is intended for those who have studied Irish at school, perhaps a number of years ago, who understand a good deal of the language but have had few opportunities



to use it in recent years. Some basic language is taught at the beginning of the course, but the classes then progress at a faster pace than those at Level 3.

The emphasis in the course is on the spoken language and on developing listening skills, but students also have some opportunities to read and to write the language. There is a greater focus on reading and writing than in the Level 3 course.

### Level 5 *(B2)*

Level 5 of the Certificate in Professional Irish is suitable for people who are comfortable speaking Irish and who use the language from time to time – in a social context or at work, for example. The course topics are more challenging than those at Level 4, and are discussed in more depth than in the classes at that lower level. The spoken language, listening skills, reading and writing all feature in the programme, and there is a greater focus on those latter two skills than in the Level 4 course.

### Level 6 *(C1)*

Level 6 of the Certificate in Professional Irish is aimed at those who are fluent in Irish and who wish to focus on more challenging topics. The participants have an opportunity to add to the richness of their language and gain a better understanding of grammar, and they also learn useful vocabulary relating to work and contemporary life.

The spoken language, listening skills, reading and writing all feature in the programme, and there is a greater focus on those latter two skills than in any of the other levels of the Certificate in Professional Irish.

### Free pre-course assessment

When registering for the Certificate in Professional Irish online, you will be required to complete a short survey assessment as part of the registration process. Once the assessment survey has been analysed, a member of the Gaelchultúr team will be in touch with you if a phone assessment is necessary. For those who are not sure what level of the course is most suitable for them, we recommend they complete our online Irish test.

The guide below gives an indication of what level every test score, from 0 to 100, corresponds to.

| Score | Most suitable level |
|---|---|
| 0 - 29: | Level 2 |
| 30 - 44: | Level 3 |
| 45 - 59: | Level 4 |
| 60 - 74: | Level 5 |
| 75 - 100: | Level 6 |

**Important:** If the course is being funded by your workplace you must seek permission (from your manager or training unit) prior to booking your place.

# Torthaí foghlama

## **Leibhéal 2** *(A1)*

Seo thíos na torthaí foghlama a bheidh i gceist i gcás na mac léinn a n-éireoidh leo Leibhéal 2 a chríochnú go rathúil:

- Beidh siad in ann beannú do dhaoine agus iad féin agus daoine eile a chur in aithne.
- Beidh siad in ann nithe bunúsacha a rá faoina gcúlra agus faoina gcuid oibre agus páirt a ghlacadh i gcomhráite simplí sóisialta.
- Beidh siad in ann cumarsáid an-bhunúsach a dhéanamh trí mheán na Gaeilge san áit oibre.

## **Leibhéal 3** *(A2)*

Seo thíos na torthaí foghlama a bheidh i gceist i gcás na mac léinn a n-éireoidh leo Leibhéal 3 a chríochnú go rathúil:

- Beidh siad in ann abairtí simplí agus cruinne a chur le chéile.
- Beidh siad in ann an custaiméir lena bhfuil siad ag plé a chur i dteagmháil leis an duine cuí san eagraíocht.
- Beidh siad in ann sonraí teagmhála (e.g. uimhir ghutháin nó seoladh ríomhphoist) a ghlacadh.

## **Leibhéal 4** *(B1)*

Seo thíos na torthaí foghlama a bheidh i gceist i gcás na mac léinn a n-éireoidh leo Leibhéal 4 a chríochnú go rathúil:

- Beidh siad in ann comhrá simplí a bheith acu leis an gcustaiméir.
- Beidh siad in ann seirbhís bhunúsach a chur ar fáil don chustaiméir gan aon chúnamh.
- Beidh méid áirithe sainteanga ag baint le cúrsaí oibre ar eolas acu.

## **Leibhéal 5** *(B2)*

Seo thíos na torthaí foghlama a bheidh i gceist i gcás na mac léinn a n-éireoidh leo Leibhéal 5 a chríochnú go rathúil:

- Beidh siad in ann seirbhís chuimsitheach ó bhéal a chur ar fáil don chustaiméir.
- Beidh siad in ann abairtí simplí (e.g. ar chomharthaí) a aistriú go Gaeilge.
- Beidh tuiscint mhaith acu ar an teanga scríofa ach beidh siad teoranta ó thaobh a gcuid scileanna scríbhneoireachta de.

## **Leibhéal 6** *(C1)*

Seo thíos na torthaí foghlama a bheidh i gceist i gcás na mac léinn a n-éireoidh leo Leibhéal 6 a chríochnú go rathúil:

- Beidh siad in ann seirbhís chuimsitheach ó bhéal a chur ar fáil don chustaiméir.
- Beidh tuiscint réasúnta acu ar ghramadach na Gaeilge agus beidh siad in ann déileáil le fiosrúcháin scríofa ó chustaiméirí.
- Beidh siad in ann abairtí agus téacsanna simplí Béarla a aistriú go Gaeilge.
- Beidh cur amach acu ar réimse leathan acmhainní teicneolaíochta a bhaineann leis an nGaeilge (go háirithe na cinn ar líne) agus beidh siad in ann leas éifeachtach a bhaint astu.

# Learning Outcomes

## **Level 2** *(A1)*

These are the learning outcomes that will be achieved by students who successfully complete the Level 2 course:

- They will be able to greet people and introduce themselves and others.
- They will be able to give basic information about their background and work and participate in simple social interactions.
- They will be able to communicate through Irish at a very basic level in the workplace.

## **Level 3** *(A2)*

These are the learning outcomes that will be achieved by students who successfully complete the Level 3 course:

- They will be able to put together simple and accurate sentences.
- They will be able to direct the customer with whom they are dealing to the relevant person in the organisation.
- They will be able to take contact details (e.g. phone number or email address) given to them.

## **Level 4** *(B1)*

These are the learning outcomes that will be achieved by students who successfully complete the Level 4 course:

- They will be able to engage in a simple conversation with the customer.
- They will be able to provide a basic service to the customer without assistance.
- They will have a knowledge of a certain amount of work-related language.

## **Level 5** *(B2)*

These are the learning outcomes that will be achieved by students who successfully complete the Level 5 course:

- They will have the verbal skills to provide a comprehensive service to the customer.
- They will be able to translate simple sentences (e.g. on signs) to Irish.
- They will have a good understanding of the written language but they will be limited in their written skills.

## **Level 6** *(C1)*

These are the learning outcomes that will be achieved by students who successfully complete the course:

- They will have the verbal skills to provide a comprehensive service to the customer.
- They will have a reasonable understanding of Irish language grammar and be able to deal with written queries from customers.
- They will be able to translate sentences and simple English language texts to Irish.
- They will be familiar with the range of technological resources available to those working through Irish (especially those online) and they will be able to use them effectively.

# Ceisteanna coitianta

## Conas is féidir liom clárú don chúrsa?

Is féidir clárú don Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil ar www.gaelchultur.com. Tá suirbhé measúnaithe mar chuid den chóras clárúcháin ar an suíomh. Má tá an cúrsa á mhaoiniú ag d'áit oibre, is gá cead a fháil le tabhairt faoin gcúrsa sula gcuirfidh tú in áirithe é.

## Cén córas measúnaithe a úsáidtear?

Bíonn measúnú leanúnach (léamhthuiscintí, cleachtaí scríofa agus trialacha cluastuisceana) mar chuid lárnach den chúrsa agus bíonn béaltriail le déanamh ag na mic léinn ar chríochnú an chláir dóibh.

## Cad iad na riachtanais iontrála atá i gceist?

Ní mór dóibhsean ar mian leo tabhairt faoin gcúrsa ag Leibhéal 2, Leibhéal 3, Leibhéal 4, Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 íoschaighdeán áirithe a bheith acu sa Ghaeilge. Déantar é seo a mheas i suirbhé measúnaithe roimh an gcúrsa.

## Cad iad na scileanna ríomhaireachta atá riachtanach?

Caithfidh bunscileanna ríomhaireachta a bheith ag na rannpháirtithe (e.g. a bheith in ann teachtaireachtaí ríomhphoist a sheoladh agus a fháil, brabhsálaí a úsáid, comhaid fuaime a sheinm). Ní mór dóibh fáil a bheith acu ar ríomhaire ar feadh cúpla uair an chloig sa tseachtain don rang féin agus de bhrí go mbíonn ullmhúchán ar líne le déanamh acu roimh gach seisiún.

## An mbeidh deis agam staidéar breise a dhéanamh tar éis dom an cúrsa a chríochnú?

Is féidir le formhór na mac léinn a n-éireoidh leo sa TGG tabhairt faoin gcéad leibhéal eile. Tá sé tábhachtach, áfach, go mbeadh leibhéal an chúrsa oiriúnach don fhoghlaimeoir agus, chuige sin, b'fhéidir go n-iarrfaí ar mhic léinn áirithe measúnú gearr a dhéanamh sula bhféadfaidís bogadh ar aghaidh.

## Cad a tharlaíonn sna ranganna beo ar líne?

Maireann na ranganna beo ar líne trí uair an chloig agus bíonn siad ar siúl lá amháin sa tseachtain ar feadh 10 seachtaine. Bíonn na ranganna seo thar a bheith idirghníomhach: bíonn deis ag na rannpháirtithe labhairt leis an múinteoir agus obair bheirte agus obair ghrúpa a dhéanamh. Chun freastal ar na ranganna ní bheidh ag teastáil ach ríomhaire glúine nó deisce atá suite i spás ciúin, gléas cinn a bhfuil micreafón mar chuid de (ceann USB, más féidir), agus ceangal maith leathanbhanda. Iarrtar ar mhic léinn ceamara gréasáin a úsáid ach níl sé seo riachtanach.

## Cad iad na sonraí a bheidh orm a chur ar fáil leis an gcáilíocht seo a fháil ó QQI?

Sular féidir teastas ar bith de chuid QQI (FETAC/HETAC mar a bhí) a bhronnadh ar mhac léinn, is gá é a chlárú ar an gcóras slán ar líne atá ag an eagraíocht sin. Is é an t-eolas a bhíonn ag teastáil i gcás gach mic léinn ná uimhir PPS agus dáta breithe.

# Frequently asked questions

## How do I register for the course?

You can register for the Certificate in Professional Irish on www.gaelchultur.com. The registration process on the website includes an assessment survey. If the course is being funded by your workplace you must seek permission (from your manager or training unit) prior to booking your place.

## What method of assessment is used?

Continuous assessment (written exercises, reading comprehensions and listening comprehensions) is a core component of the course and students are required to undergo an oral examination on completing the programme.

## What are the entry requirements?

Those wishing to attend the course at Level 2, Level 3, Level 4, Level 5 or Level 6 must have a certain minimum competency in Irish. This is assessed in a pre-course assessment survey.

## What computer skills must participants have?

Participants must have basic computer skills (e.g. an ability to send and receive emails, use a browser, play sound files). They must have access to a computer for several hours each week to participate in the class and to prepare for it.

## Will I have an opportunity to do further study on completing this course?

Most students who successfully complete the Certificate in Professional Irish have the opportunity to progress to the next level. However, to ensure that that level is suitable for the learner, he/she may be asked to undertake a short assessment before moving on.

## What happens during the live online classes?

The live online classes last for three hours and are held one day a week for 10 weeks. They are highly interactive: the participants have an opportunity to speak to the teacher and to take part in pair and group work activities. A computer situated in a quiet space, a USB headset with microphone and a good broadband connection are necessary. We ask that a webcam is used but this is not a requirement.

## What details will I need to provide in order to be eligible for this qualification from QQI?

Before any QQI (formerly HETAC/FETAC) certificate is awarded, students must be registered on the organisation's secure online system. They must provide their PPS number and their date of birth as part of the registration process.

# Na Cliaint

Tá baill foirne ó na heagrais seo thíos tar éis tabhairt faoi chúrsa oiliúna nó faoin TGG le Gaelchultúr. Rinne siad an cúrsa ina n-ionad oibre féin, ar líne nó in ionad Ghaelchultúir i mBaile Átha Cliath.

Aontas Múinteoirí Éireann
Ard-Mhúsaem na hÉireann
An Bord Pleanála
An Binse Luachála
An Chartlann Náisiúnta
An Chomhairle Ealaíon
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
An Crannchur Náisiúnta
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní An Post
An Roinn Airgeadais
An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe
Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Phríomh-Oifig Staidrimh
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
An Roinn Sláinte
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
An tÚdarás Clárúcháin Maoine
An tÚdarás Pinsean
An tÚdarás um Ard-Oideachas
Banc Ceannais na hÉireann
Bonneagar Iompair Éireann
Bord Leigheasra na hÉireann
Bord Soláthair an Leictreachais
Bus Átha Cliath
Bus Éireann
Caidreamh san Ionad Oibre
Coimisiún Fulbright
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Comhairle Cathrach Chorcaí
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
Comhairle Contae Chiarraí
Comhairle Contae Chill Dara
Comhairle Contae Fhine Gall
Comhairle Contae Lú Comhairle Contae Mhaigh Eo Comhairle Contae Thiobraid Árann
Comhchoiste na mBainisteoirí
Comhlacht Chalafort Átha Cliath
Cumann Lúthchleas Gael
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Éire Ildánach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Iarnród Éireann
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceannainn
IT Dhún Dealgan
Oifig an Ard-Aighne
Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Oifig an Ombudsman
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Oifig na nOibreacha Poiblí
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
PeoplePoint
Roinn an Taoisigh
RTÉ
Seirbhís Chúirteanna na hÉireann
Seirbhís Thithe an Oireachtais
Údarás Craolacháin na hÉireann
Údarás na Gaeltachta

# The Clients

Staff members from the organisations listed below have completed a training course or the Certificate in Professional Irish with Gaelchultúr. They undertook the course in-house, online or at Gaelchultúr's headquarters in Dublin.

Teachers Union of Ireland
National Museum of Ireland
Central Bank of Ireland
An Bord Pleanála
The Valuation Tribunal National Archives
The Arts Council
National Council for Curriculum and Assessment
National Council for Special Education
Commission for Communications Regulation
Commission for Aviation Regulation
UCD
National Lottery
LGMA
NAMA
An Post
Department of Finance
Department of Public Expenditure and Reform
Department of Employment Affairs and Social Protection
Department of the Environment, Community and Local Government Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht Department of Transport, Tourism and Sport
Department of Children and Youth Affairs
Department of Education and Skills

Central Statistics Office
Department of Jobs, Enterprise and Innovation
Department of Health
Department of Agriculture, Food and the Marine
Property Registration Authority
The Pensions Authority
HEA
TII
Medicines Board of Ireland ESB
Dublin Bus
Bus Éireann
Workplace Relations
The Fulbright Commission Irish Human Rights & Equality Commission
State Examination Commission
Trinity College Dublin
Dublin City Council
Cork City Council
South Dublin County Council
Kerry County Council
Kildare County Council
Fingal County Council
Louth County Council
Mayo County Council Tipperary County Council Joint Managerial Body
Dublin Port Authority

GAA
QQI
Creative Ireland
National Treasury Management Agency Iarnród Éireann
LYIT
Dundalk IT
The Office of the Attorney General
Office of the Information Commissioner
The Office of the Ombudsman
Revenue Commissioners OPW
DCU
PeoplePoint
Department of the Taoiseach
RTÉ
Courts Service of Ireland
Houses of the Oireachtas The Broadcasting Authority of Ireland
Údarás na Gaeltachta

# Teistiméireachtaí

## Teistiméireachtaí ó fhoghlaimeoirí

*"Bhí sé an-úsáideach a bheith in ann cleachtaí a dhéanamh ar líne agus bhí sé an-chabhrach a bheith in ann éisteacht le fuaimeanna cearta na teanga ar ranganna.com."*

*"Cuideoidh an cúrsa liom a bheith ag plé leis an bpobal trí mheán na Gaeilge."*

*"Bhí an múinteoir ar fheabhas agus na ranganna i gcónaí suimiúil."*

*"Thaitin an obair bheirte agus ghrúpa, na cluichí teanga sa rang agus an fhoghlaim ar líne liom."*

*"Tá an cúrsa go hiontach ar fad, tá mé an-sásta leis."*

*"Is maith liom an chaoi a bhfreagraítear ceisteanna go han-soiléir."*



## Teistiméireachtaí ó chliaint

*"Reáchtálamar dhá chúrsa ullmhúcháin agus dhá chúrsa de chuid an Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil – ceann ag leibhéal 3 agus ceann ag leibhéal 4. Léirigh na rannpháirtithe ar fad spéis ollmhór sa chúrsa, a mhair deich seachtaine, de bharr go raibh na teagascóirí an-eolach agus de bharr go raibh an-taithí acu ar a ngairm. Rinneadh próiseas simplí de rud a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith casta a bhuíochas le cur chuige gairmiúil na foirne [i nGaelchultúr]. Is léir go bhfuil siad an-phaiseanta faoin obair atá ar bun acu agus go mbaineann siad sult aisti freisin. Tá mé iontach sásta leis na seirbhísí atá curtha ar fáil ag Gaelchultúr agus tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leo amach anseo."*

*"Bhí an teagascóir go hiontach. Bhí sí an-eolach maidir le gach gné d'úsáid na gramadaí agus spreag sí plé bríomhar i gcónaí. Bhí an-mheas ag an ngrúpa uirthi agus bhí an tinreamh an-mhaith go leanúnach. Tá baill eile foirne anois ag fiosrú faoin gcéad chúrsa eile agus tá sé i gceist againn é a chur ar fáil ag leibhéal 3 agus 4 amach anseo."*

# Testimonials

## Testimonials from learners

*"The exercises on ranganna.com were very useful and it was helpful to be able to listen to the correct sounds of the language online."*


*"The course will certainly help me deal with the public through Irish."*

*"The teacher was fantastic and the classes were always interesting."*

*"I enjoyed the group and pair work, the language games in class and the online learning."*

*"The course is brilliant, I'm really satisfied with it."*

*"I like the fact that when questions are asked, clear explanations are given."*




## Testimonials from clients

*"We ran two preparatory courses and two Certificate in Professional Irish courses – one at Level 3 and one at Level 4. The classes ran for ten weeks, and there was huge enthusiasm from all participants because of the knowledgeable and experienced tutors. What could have been an extremely complicated process was made simple because of the professional manner the team [at Gaelchultúr] have. It is clear that they are all very passionate about their work and enjoy what they do. I am very happy with the services provided by Gaelchultúr and I am very much looking forward to working with them again in the future."*

*"The tutor was excellent – very knowledgeable on all aspects of correct grammatical usage – and she encouraged lively discussion. The group held her in very high regard and attendance was consistently very good. Other staff have now enquired about attending Irish classes and it is our intention to offer Level 3 and Level 4 courses in the future."*










Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr
11 Sráid an Chláraigh,
Baile Átha Cliath 2,
D02 TD34
*11 Clare Street,*
*Dublin 2,*
*D02 TD34*

www.gaelchultur.com
www.ranganna.com
www.siopa.ie

+353 (1) 484 5220